Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**9101/22**

**ENV 433**
**MI 390**
**DELACT 81**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 3041 final |
| Ábhar: | TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 12.5.2022 lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine i leith úsáid luaidhe i bhfeistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3041 final.

Faoi iamh: C(2022) 3041 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.5.2022
C(2022) 3041 final

# TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 12.5.2022**

**lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine i leith úsáid luaidhe i bhfeistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear leis an Treoir Tharmligthe seo ón gCoimisiún, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach ('Treoir RoHS')[1] a mhéid a bhaineann le díolúine le haghaidh feidhmeanna sonracha ina bhfuil luaidhe.

Le hAirteagal 4 de Threoir RoHS, cuirtear srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach (TLL). Faoi láthair, tá 10 substaint srianta agus liostaítear iad in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir: luaidhe, mearcair, caidmiam, cróimiam heicsifhiúsach, défheinilí polabróimínithe (PBB), éitir dhéfheiníle pholabróimínithe (PBDE), bios(2-eitilheicsil)taláit (DEHP), taláit bhúitilbeinsile (BBP), taláit débhúitile (DBP) agus taláit dé-iseabúitile (DIBP).

Liostaítear in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Treoir RoHS ábhair agus comhpháirteanna TLL le haghaidh feidhmeanna sonracha atá díolmhaithe ó na srianta ar shubstaintí in Airteagal 4(1) den Treoir. Foráiltear in Airteagal 5 maidir le hIarscríbhinní III agus IV a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil (maidir le díolúintí a dheonú, a athnuachan agus a chúlghairm). Faoi Airteagal 5(1)(a), níltear le díolúintí a áireamh in Iarscríbhinní III agus IV ach amháin mura lagóidh an t-áireamh sin an chosaint don chomhshaol agus don tsláinte a thugtar le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (REACH)[2] agus má chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

– is dodhéanta go heolaíoch nó go teicniúil an tsubstaint a dhíothú nó a ionadú trí athruithe ar an dearadh, nó trí ábhair agus comhpháirteanna nach bhfuil aon cheann de na hábhair nó na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn II ag teastáil lena n-aghaidh a úsáid;
– ní áirithítear iontaofacht na n-ionadach;
– is dócha gur mó tionchair dhiúltacha iomlána an ionadaithe don chomhshaol, don tsláinte agus do shábháilteacht an tomhaltóra ná na tairbhí iomlána don chomhshaol, don tsláinte agus do shábháilteacht an tomhaltóra.

Ní mór infhaighteacht na n-ionadach agus tionchar socheacnamaíoch an ionadaithe a chur san áireamh sna cinntí maidir le díolúintí, agus fad na ndíolúintí sin. Ní mór aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an nuálaíocht a chur san áireamh sna cinntí maidir le fad na ndíolúintí. Ní mór smaointeoireacht saolré ar thionchar foriomlán na díolúine a bheith i bhfeidhm, i gcás inarb ábhartha.

Foráiltear le hAirteagal 5(1) de Threoir RoHS go gcuirfidh an Coimisiún ábhair agus comhpháirteanna TLL le haghaidh feidhmeanna sonracha san áireamh sna liostaí atá in Iarscríbhinní III agus IV trí bhíthin gníomhartha tarmligthe aonair de bhun Airteagal 20. Le hAirteagal 5(3) agus Iarscríbhinn V, bunaítear an nós imeachta maidir le hiarratais a chur isteach ar dhíolúine.

[1] IO L 174, 1.7.2011, lch. 88.
[2] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Faigheann an Coimisiún roinnt iarrataí ó oibreoirí eacnamaíocha maidir le díolúintí a dheonú nó a athnuachan faoi Airteagal 5(3) agus faoi Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir RoHS[3].

Áiríodh Díolúine 27 in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir RoHS le Treoir Tharmligthe 2014/7/AE ón gCoimisiún[4]. Ba é an 30 Meitheamh 2020 an dáta éaga a socraíodh maidir leis an díolúine sin. Baineann an díolúine le húsáid luaidhe i gcomhpháirteanna sonracha, comhpháirteanna a úsáidtear i réimsí maighnéadacha a tháirgeann feistí leighis áirithe. An 12 Nollaig 2018, fuair an Coimisiún iarratas amháin chun raon feidhme agus fad na díolúine sin a athnuachan laistigh den teorainn ama maidir le hathnuachan a leagtar síos in Airteagal 5(5) de Threoir RoHS. Bhain an díolúine le dhá réimse feidhme, (a) agus (b). Níor iarr an t-iarratasóir go leanfar de chuid (b) de Dhíolúine 27 in Iarscríbhinn IV, cuid a thagraíonn do mhaighnéid áirithe a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh teiripe cáithníní.

I mí Lúnasa 2019, sheol an Coimisiún staidéar[5] chun an measúnú teicniúil agus eolaíoch is gá a dhéanamh. Críochnaíodh an staidéar, a raibh comhairliúchán poiblí 8 seachtaine mar chuid de, i mí Iúil 2020. Cuireadh faisnéis maidir leis an gcomhairliúchán ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail[6], ach ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gcomhairliúchán.

An 23 Feabhra 2021 chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le grúpa saineolaithe na mBallstát maidir le gníomhartha tarmligthe faoi Threoir RoHS. Rinne sé gach céim nós imeachta is gá a bhaineann le díolúintí ó na srianta ar shubstaintí faoi Airteagail 5(3) go 5(7)[7], agus tugadh fógra don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa faoi gach gníomhaíocht sa chomhthéacs sin.

Sa tuarascáil mheasúnachta teicniúla agus eolaíche cuireadh an méid seo a leanas i dtábhacht:

- Úsáidtear luaidhe i sádair, bratuithe foircinn, agus naisc de shreanga leictreacha, sciatha agus nascóirí iata chun comhpháirteanna neamh-mhaighnéadacha a sholáthar, comhpháirteanna atá riachtanach i bhfeistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh chun críoch diagnóiseacha.
- I bhfeistí agus comhpháirteanna íomháithe athshondais mhaighnéadaigh nuadheartha, tá ionadú agus díothú luaidhe indéanta go heolaíoch agus go teicniúil.
- Tá feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh den seandéanamh teoranta ina gcomhoiriúnacht le comhpháirteanna íomháithe athshondais mhaighnéadaigh nua atá saor ó luaidhe. I bhfeistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh áirithe, ní féidir an dearadh nua de chomhpháirteanna saor ó luaidhe a úsáid. Ní mór próiseas athdheartha casta a chur i bhfeidhm ar na feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh eile atá níos sine, a tharraingíonn acmhainneacht theoranta na monaróirí ó fhorbairt feistí leighis nua saor ó luaidhe le hacmhainneacht diagnóiseach níos fearr go hionadú luaidhe i dtáirgí atá ann faoi láthair.

---

3 Tá an liosta le fáil ag: http://ec.europa.eu/environment/waste/rohs_eee/adaptation_en.htm.

4 IO L 4, 9.1.2014, lgh. 57–58.

5 Tá tuarascáil chríochnaitheach an staidéir (Pacáiste 18) le fáil ag https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/f44f2383-dd0a-11ea-adf7-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-146144383

6 An tréimhse chomhairliúcháin: An 3 Nollaig 2019 go dtí an 27 Eanáir 2020 https://rohs.exemptions.oeko.info/.

7 Tá liosta de na céimeanna riaracháin is gá le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Is féidir féachaint ar an gcéim reatha den nós imeachta maidir le gach dréachtghníomh tarmligthe i gClárlann Idirinstitiúideach na nGníomhartha Tarmligthe ag https://webgate.ec.europa.eu/regdel/#/home.

- Chun aghaidh leormhaith a thabhairt ar an éileamh maidir le trealamh íomháithe athshondais mhaighnéadaigh le haghaidh feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh den seandéanamh, feistí nach féidir a athdhearadh nó a ionadú sula rachaidh an tréimhse díolúine in éag, tá úsáid an trealaimh íomháithe athshondais mhaighnéadaigh riachtanach go fóill.
- Rinneadh dul chun cinn ar leibhéil éagsúla maidir leis an athrú go trealamh íomháithe athshondais mhaighnéadaigh atá saor ó luaidhe i leith feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh le cornaí comhtháite agus feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh le cornaí neamhchomhtháite íomháithe athshondais mhaighnéadaigh.
- Tá éagsúlacht leordhóthanacha de chornaí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh neamhchomhtháite nuadheartha atá saor ó luaidhe ar fáil le haghaidh saoráidí sláinte. De dheasca a chasta is atá feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh le cornaí comhtháite agus an nós imeachta formheasa atá ag teastáil ina leith, tá tuilleadh ama ag teastáil maidir leis an athrú chuig feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh atá saor ó luaidhe.
- Mura ndéantar an díolúine a dheonú, d’fhéadfadh sé go gcuirfí feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh amú roimh am de bharr easpa comhpháirteanna comhoiriúnacha nó roghanna athdheartha. D’fhéadfadh sé go mbeadh bearna sa soláthar maidir le trealamh íomháithe athshondais mhaighnéadaigh freisin, a bhféadfadh cúram sláinte níos measa d’othair a bheith mar thoradh air.

Níl gá le díolúine maidir le cornaí neamhchomhtháite íomháithe athshondais mhaighnéadaigh a dearadh le déanaí agus ní bheidh gá le díolúine maidir le trealamh íomháithe athshondais mhaighnéadaigh lena n-áirítear cornaí comhtháite ón 30 Meitheamh 2024, agus dá bharr sin déanfar na feidhmeanna sin a eisiamh i bhfoclaíocht nua na díolúine. Déanfar an t-idirdhealú sin le Dearbhú Comhréireachta na samhla sin, rud atá riachtanach maidir le táirge sula gcuirfear ar an margadh é i gcomhréir le hAirteagal 7(c) agus Airteagal 13 de Threoir RoHS.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Léirítear i dtorthaí na meastóireachta nach lagódh an díolúine atá le deonú an chosaint don chomhshaol agus don tsláinte a thugtar le Rialachán REACH, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2011/65/AE.

Ba é conclúid mheasúnú an Choimisiúin, bunaithe ar an staidéar tacaíochta agus ar chomhairliúcháin, go gcomhlíontar leis an iarratas ar dhíolúine ceann amháin ar a laghad de na critéir a leagtar síos in Airteagal 5(1)(a) lena dtugtar údar le hathnuachan na díolúine: ‘is dócha gur mó na tionchair dhiúltachta iomlána don chomhshaol, don tsláinte agus do shábháilteacht an tomhaltóra a bheidh ann mar thoradh ar an tsubstaint a ionadú ná na tairbhí don chomhshaol, don tsláinte agus do shábháilteacht an tomhaltóra a bheidh ann mar thoradh air sin’.

Leis an treoir tharmligthe, athnuaitear Díolúine 27 a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE de pháirt, i leith úsáid luaidhe i sádair, bratuithe foircinn de chomhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha agus cláir ciorcad phriontáilte, naisc de shreanga leictreacha, sciatha agus nascóirí iata le haghaidh feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh. Níl aon athrú ar an bhfoirmliú a bhí ann roimhe sin i gcodanna (a) agus (b) de dhíolúine 27 agus leanann sé de bheith liostaithe ar mhaithe le soiléireacht do na páirtithe

leasmhara. Cuirtear foirmliú nua isteach i gcodanna (c) agus (d) atá teoranta do na feidhmeanna riachtanacha iarbhír.

Socraítear an dáta lena rachaidh an díolúine seo in éag i gcomhréir le hAirteagal 5(2), an chéad fhomhír. Mar a léiríodh sa mheasúnú, tugtar údar le hathnuachan na díolúine le haghaidh cornaí neamhchomhtháite íomháithe athshondais mhaighnéadaigh agus feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh lena n-áirítear cornaí comhtháite le staid forbartha na n-ionadach, lena bhféadfar na feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh lena n-áirítear cornaí comhtháite a ionadú níos luaithe. Ní mheastar go mbeidh drochthionchair ag tréimhse bhailíochta na díolúine ar an nuálaíocht.

Is treoir tharmligthe í an ionstraim dlí, dá bhforáiltear i dTreoir 2011/65/AE, agus lena gcomhlíontar ceanglais ábhartha Airteagal 5(1)(a) di.

Is é is cuspóir don treoir tharmligthe cuidiú le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint agus na forálacha maidir le feidhmiú an mhargaidh aonair i réimse TLL a chomhchuibhiú, trí úsáid substaintí a bhfuil toirmeasc orthu seachas sin a cheadú i gcomhair feidhmeanna sonracha, i gcomhréir le Treoir RoHS agus an nós imeachta a bhunaítear inti chun Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Treoir a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

Níl aon impleacht ag an treoir tharmligthe maidir le buiséad an Aontais Eorpaigh.

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.5.2022**

**lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine i leith úsáid luaidhe i bhfeistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir leis an srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach[1], agus go háirithe Airteagal 5(1), pointe (a), di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2011/65/AE ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh na substaintí guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin i dtrealamh leictreach agus leictreonach a chuirtear ar an margadh. Ní bhaineann an srian sin le feidhmeanna díolmhaithe áirithe a bhaineann go sonrach le feistí leighis agus uirlisí monatóireachta agus rialúcháin agus a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin.

(2) Liostaítear catagóirí an trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a bhfuil feidhm ag Treoir 2011/65/AE ina leith in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

(3) Is substaint é luaidhe a bhfuil srian air agus a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/65/AE.

(4) Le Treoir Tharmligthe 2014/7/AE[2], dheonaigh an Coimisiún díolúine i leith úsáid luaidhe i sádair, bratuithe foircinn de chomhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha agus cláir ciorcad phriontáilte, naisc de shreanga leictreacha, sciatha agus nascóirí iata a úsáidtear i dtrealamh leighis íomháithe athshondais mhaighnéadaigh áirithe (‘an díolúine’), trí na feidhmeanna sin a áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE. Bhí an díolúine le dul in éag an 30 Meitheamh 2020.

---

1 IO L 174, 1.7.2011, lch. 88.

2 Treoir Tharmligthe 2014/7/AE ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine i leith luaidhe i sádair, bratuithe foircinn de chomhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha agus cláir ciorcad phriontáilte, naisc de shreanga leictreacha, sciatha agus nascóirí iata a úsáidtear i (a) réimsí maighnéadacha laistigh de gha 1 m thart timpeall ar isealár an mhaighnéid i dtrealamh leighis íomháithe athshondais mhaighnéadaigh, lena n-áirítear monatóirí othair a dheartar lena n-úsáid laistigh den gha sin, nó (b) i réimsí maighnéadacha laistigh de raon 1 m ó dhromchlaí seachtracha maighnéad cioglatróin, maighnéid le haghaidh bíomaí a iompar agus treoir bíomaí a rialú a chuirtear i bhfeidhm maidir le teiripe cáithníní (IO L 4, 9.1.2014, lch. 57).

(5) An 12 Nollaig 2018, fuair an Coimisiún iarratas ar athnuachan na díolúine ('an iarraidh ar athnuachan') atá laistigh den teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 5(5) de Threoir 2011/65/AE. I gcomhréir leis an bhforáil sin, leanann an díolúine de bheith bailí go dtí go nglacfar cinneadh ar an iarraidh ar athnuachan.

(6) Áiríodh le meastóireacht na hiarrata ar athnuachan comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 5(7) de Threoir 2011/65/AE. Cuireadh na barúlacha a fuarthas le linn na gcomhairliúchán sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin tiomnaithe.

(7) Ba é conclúid na meastóireachta ar an iarraidh ar athnuachan, a raibh staidéar measúnaithe teicniúil agus eolaíoch[3] mar chuid di, go mbraitheann feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh den seandéanamh ar luaidhe ina bhfuil comhpháirteanna íomháithe athshondais mhaighnéadaigh agus go bhfuil siad an-teoranta maidir lena gcomhoiriúnacht le comhpháirteanna íomháithe athshondais mhaighnéadaigh nua atá saor ó luaidhe. Ina theannta sin, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go bhfuil samhlacha cornaí neamhchomhtháite íomháithe athshondais mhaighnéadaigh atá saor ó luaidhe ar fáil cheana féin. É sin ráite, a mhéid a bhaineann le feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh le cornaí comhtháite, tá gá le tuilleadh ama maidir leis an bhforbairt theicniúil agus an nós imeachta formheasa chun réitigh saor ó luaidhe a fhorbairt.

(8) Ba cheart úsáid luaidhe i gcornaí neamhchomhtháite íomháithe athshondais mhaighnéadaigh a dearadh le déanaí agus i bhfeistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh saor ó luaidhe le cornaí comhtháite atá le teacht a eisiamh ón díolúine le dátaí sonracha.

(9) Mura ndéantar an iarraidh ar dhíolúine a dheonú, d'fhéadfadh sé go gcuirfí feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh amú roimh am de dheasca easpa comhpháirteanna comhoiriúnacha nó roghanna athdheartha. D'fhéadfadh sé go mbeadh bearna sa soláthar maidir le trealamh íomháithe athshondais mhaighnéadaigh mar thoradh air sin, rud a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith aige ar chúram sláinte d'othair.

(10) Is dócha gur mó tionchair dhiúltacha iomlána an ionadaithe don chomhshaol, don tsláinte agus do shábháilteacht an tomhaltóra ná na tairbhí iomlána don chomhshaol, don tsláinte agus do shábháilteacht an tomhaltóra. Tá an díolúine i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], agus ar an gcaoi sin ní lagaítear an chosaint don chomhshaol agus don tsláinte a thugtar léi.

(11) Is iomchuí, dá bhrí sin, athnuachan na díolúine a dheonú.

(12) Chun trealamh íomháithe athshondais mhaighnéadaigh comhoiriúnach a sholáthar do sheirbhísí sláinte agus le go mbeidh a dhóthain ama ann chun roghanna malartacha atá saor ó luaidhe a fhorbairt, is iomchuí athnuachan na díolúine a dheonú, le raon feidhme athbhreithnithe, ar feadh uastréimhse 7 mbliana go dtí an 30 Meitheamh 2027, i gcomhréir le hAirteagal 5(2), an chéad fhomhír, de Threoir 2011/65/AE. I

3 Staidéar chun measúnú a dhéanamh ar sheacht n-iarratas ar dhíolúine a bhaineann le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE (Pacáiste 18).

4 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

bhfianaise thorthaí na n-iarrachtaí leanúnacha chun teacht ar ionadú iontaofa, ní dócha go mbeidh drochthionchair ag tréimhse na díolúine ar an nuálaíocht.

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2011/65/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta: an lá deireanach den chúigiú mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta: an lá deireanach den chúigiú mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo + 1 lá].

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.5.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*